



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Teastas Sóisearach 2016**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Stair**

**Ardleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
*State Examinations Commission*

# **AN TEASTAS SÓISEARACH, 2016**

## **AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA**

**STAIR**

**ARDLEIBHÉAL**

# SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

### NÓS IMEACHTA NA MARCÁLA

1. Is é atá i gceist i nós imeachta na marcála:

Na freagraí go léir a léamh agus anailís a dhéanamh orthu.

Marcanna a bhronnadh ar na comhpháirteanna éagsúla de réir na scéime aontaithe.

Na marcanna a shuimiú go cúramach agus aird á tabhairt orthu seo:

- (i) an t-uasmharc in aghaidh gach roinne;
- (ii) an t-uasmharc in aghaidh gach ceiste.

2. **Na Comhpháirteanna**

Fíricí

- (i) Sonraí atá i bhfoirm pictiúr a aithint;
- (ii) Fíricí a lua.

Ráiteas Suntasach Ábhartha (RSÁ)

- (i) Fíric, gné nó céim thábhachtach den topaic;
- (ii) Téarma nó coincheap a bhaineann le hábhar sa topaic a mhíniú;
- (iii) Tuiscint, tagairt, tuairim nó breithiúnas bailí a bhaineann le hábhar sa topaic;
- (iv) A dó nó a trí d'fhíricí a bheith á lua go faichilleach, etc;
- (v) Cúis / toradh atá tábhachtach;
- (vi) Léarscáil / léaráid atá oiriúnach agus a bhaineann le hábhar (b'fhéidir go dtuillfeadh léarscáil nó léaráid níos mó ná RSÁ amháin);
- (vii) Réamhrá a bhfuil ábhar bailí ann.

3. **An Mharcáil**

- (a) Faigheann freagraí:
  - (i) Marc Carnach (CM);
  - (ii) Ollmharc (OM).

(b) **An Marc Carnach (CM)**  
Tosaigh i dtús an fhreagra agus cuir tic soiléir mar seo ( $\surd$ ) le gach fíric nó RSÁ. Bronn an marc nó na marcanna a aontaíodh sa scéim mharcála as gach aon fhíric nó RSÁ.

(c) **An tOllmharc (OM)**  
Agus breithiúnas á thabhairt ar an OM ní mór don scrúdaitheoir caighdeán an fhreagra a chur sa mheá i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Ní mór an marc iomlán a bronnadh don CM agus don OM a thaispeáint ar leithligh, e.g.  $5+2 = <7$

(d) Suimigh mar seo na marcanna do gach aon chuid den cheist san imeall ar dheis: taispeáin ceithre mharc mar  $<4$ . Ar aghaidh leat ansin agus marcáil an fuilleach. Cuir móriomlán na ceiste, mar shampla (30), san imeall clé in aice le huimhir na ceiste.

(e) Léigh na freagraí go léir, fiú amháin na freagraí breise nó na freagraí a athscríobhadh nó a cuireadh ar ceal. Glactar leis an bhfreagra is airde marcanna fad is atá an freagra sin laistigh de rúibricí an scrúdpháipéir.

**NB: Ciallaíonn ‘etc.’ sa Scéim Mharcála go bhféadfadh freagraí eile a bheith inghlactha; sna cásanna eile, is é an freagra a thugtar sa Scéim Mharcála nó a leithéid chéanna i bhfocail eile, agus é sin amháin, a thuilleann na marcanna.**

**AN TEASTAS SÓISEARACH - STAIR**  
**An tArdleibhéal, 2016: Scéim Mharcála**

1. **PICTIÚIR** (15 mharc)
- (a) Pictiúr A: *Caisleán na Páirce, Co. Liatroma*
- (i) Tógtha ar loch/ faoi chosaint uisce ar thaobh amháin/ timpeallaithe ag crainn/ úsáideach le haghaidh iompair nó trádála, etc 1M
- (ii) Bábhún 2M
- (iii) Banríon Máire I/ Banríon Eilís I/ Rí Séamas I/ Oliver Cromwell  
**BEIRT** rialtóirí ar bith 1 + 1 = 2M
- (b) Pictiúr B: *An Boston Tea Party, 1775.*
- (i) Tá siad ag caitheamh (cófraí) tae isteach i gCuan Bhostún. 1M
- (ii) Tá siad faoi bhréagriocht mar Mheiriceánaigh Dhúchasacha (Indiaigh). Glac le **haon** tagairt do bhréagriocht: cleití ina gcuid gruaige/ smidiú ar na héadain, etc 2M
- (iii) Cánacha éagóracha/ Achtanna Loingseoireachta/ An tAcht Stampa/ Gan ionadaíocht i bParlaimint na Breataine/ An Sléacht i mBostún/ Dúnadh Chuan Bhostún/ Srianta ar thrádáil Mheiriceánach/ Spreagtha ag smaointe na hEagnaíochta, etc.  
**DHÁ** chúis bhailí ar bith 1 + 1 = 2M
- (c) Pictiúr C: *Comhdháil Yalta, 1945*
- (i) Poiblíocht/ Bolscaireacht/ Dul i bhfeidhm ar dhaoine/ Gradam, etc. 1M
- (ii) Stalin/ Roosevelt/ Churchill 1 + 1 = 2M
- (iii) Dhéanfaí an Ghearmáin i ndiaidh an chogaidh a roinnt ina ceithre chrios/ Na tíortha saortha ó rialú na Gearmáine, bheadh cead acu a rialtais féin a thoghadh/ Rachadh an tAontas Sóivéadach isteach sa chogadh i gcoinne na Seapáine, etc.  
Sainmhíniú bailí **AMHÁIN** 2M

2. **DOICIMÉID** (15 mharc)

(a) **Óráid Tilbury**

- (i) Ar eagla an fhill 1M
- (ii) D'fhonn maireachtáil agus bás a fháil i measc a muintire/ D'fhonn í féin a íobairt sna cathanna le teacht 1M
- (iii) A (leifteanant) ginearál 1M
- (iv) Trína n-umhlaíocht dá a ginearál/ trína gcomhaontú (comhréiteach) sa champa/ trína laochas (crógacht) sa pháirc 1M
- (v) “D’aontaigh” = 1M; Píosa **AMHÁIN** fianaise = 1M  
“Níor aontaigh” = 0M, fiú más ceart atá an fhianaise.  
**Fianaise ina haonar = 1M.**  
Déanann sí roinnt tagairtí do Dhia: “faoi Dhia”, “do mo Dhia”,  
“de mo Dhia”  
**DHÁ** ghné [D’aontaigh & píosa fianaise] 1 + 1 = 2M
- (vi) **DHÁ** mhíbhuntáiste bhailí, e.g. D’fhéadfadh foinsí príomha bheith deacair a aimsiú/ D’fhéadfadh foinsí bheith sobhrise nó briste/  
D’fhéadfadh gá bheith ann roinnt míreanna a chiallú/ D’fhéadfadh foinsí bheith claonta/ Neamh-eolasach/ D’fhéadfadh cuntais fhinné súl bheith róchóngarach don ábhar, etc. 1 + 1 = 2M

(b) **Alexander Werth.**

- (i) D’fhonn a gcártaí ciondála a úsáid/ní raibh na húdaráis ábalta cuntas a choinneáil ar na básanna go léir/ d’fhonn a gcuid bhia a fháil. 1M
- (ii) 350 gram. 1M
- (iii) Obair/ “leanamar ar aghaidh leis an obair ghormchló sin ar feadh an gheimhridh ar fad in 1941-42” 1M
- (iv) “Is fearr atá oibrí ábalta cruatan a fhulaingt ná intleachtóir”/  
Luann Andreievna go speisialta intleachtóirí a tháinig chuig an Astoria ag iarraidh cóir leighis. 2M
- (v) Oibríocht Barbarossa 2M

3. **CEISTEANNA GEARRFHREAGRA** (20 marc)

Bronn marcanna as na **deich** bhfreagra is fearr thíos. Is fiú 2 mharc an ceann na ceisteanna, ar a mhéad.

- (i) Tochailt mar gheall ar aimsiú randamach déantán/ Suíomhanna aitheanta foirgneamh nó séadchomharthaí ársa/ Suíomhanna a luadh i bhfinscéalta nó sa bhéaloideas/ Gnéithe a chonacthas ó aerfótagraif, etc.  
**DHÁ** chaoi bhailí ar bith. 1 + 1 = 2M
- (ii) Rinne siad ainmhithe fiáine a fhiach/sheilg (le haghaidh feola) agus chnuasaigh siad torthaí nó caora nó cnónna/ Bhídís ag seilg agus ag cnuasach bia.  
(Ní dharna siad feirmeoireacht = 1M; Rinne siad ainmhithe a fhiach = 1M; Chnuasaigh siad torthaí nó caora nó cnónna = 1M; Bhí siad ina bhfánaithe = 1M). 2M
- (iii) Carn cúirte nó Cúirt/ Ursanach nó Dolmain nó Dolmain Ursanach/ Pasáiste **DHÁ** chineál bailí 1 + 1 = 2M
- (iv) Foirgneamh mainistreach/ Obair ealaíne mainistreach (e.g. cloigthishe, ardchrosa, LS mhaisithe) / Meath i bpágántacht / Meath i gcumhacht na ndraoithe/ Lárionaid oideachais agus foghlama, etc.  
**DHÁ** thoradh bhailí. 1 + 1 = 2M
- (v) **NB “feidhmeanna”**. Chun caighdeán a leagan amach/ Chun gnó a rialú/ Chun tástálacha a leagan do cheardaithe/ Chun aire a thabhairt do sheanbhailí nó do bhailí bhreuite, etc.  
**DHÁ** fheidhm bhailí. 1 + 1 = 2M
- (vi) Bhí daoine saibhre toilteanach ealaíontóirí a urrú/ Bhí daoine spreagtha ag fothracha Rómhánacha/ Tar éis thitim Chathair Chonstaintín in 1453, theith go leor scoláirí chun na hIodáile lena lámhscríbhinní Gréagacha agus Rómhánacha, etc.  
**DHÁ** chúis bhailí. 1 + 1 = 2M
- (vii) Níos mó leabhar ar fáil/ éagsúlacht níos mó leabhar ar fáil/ D’éirigh leabhair níos saoire/ Ina chuidiú chun an teanga dhúchais a chaighdeánú/ Ina chuidiú chun an teanga dhúchais a scaipeadh/ Ina chuidiú chun oideachas a fheabhsú, etc.  
**DHÁ** thoradh bhailí. 1 + 1 = 2M
- (viii) D’fhonn smacht a fháil ar thrádáil na spíosraí/ D’fhonn saibhreas a fháil/ D’fhonn a gcuid impireachtaí a leathnú/ D’fhonn an Chríostaíocht a scaipeadh, etc.  
**DHÁ** chúis bhailí. 1 + 1 = 2M
- (ix) Astacach 2M



- (x) Tréimhse ró-dhiansmacht nó doirteadh fola/ Iarracht gach duine a sceimhliú chun glacadh leis an réabhlóid/ Tréimhse nuair a cuireadh na mílte duine chun báis leis an ngilitín/ Marú na n-aicmí uaisle nó na sagart nó na ndaoine sin a bhí faoi dhrochamhras go raibh siad i gcoinne na réabhlóide / Iarracht ag Robespierre fáil réidh leis na daoine sin a bhí i gcoinne na réabhlóide.  
Sainmhíniú bailí **AMHÁIN**. 2M
- (xi) Gealltanas ag Aontachtaithe an t-aontas leis an mBreatain a chosaint / Gealltanas sollúnta cur in aghaidh Rialtais Dúchais/ Doiciméad sínithe ag Aontachtaithe.  
Sainmhíniú **AMHÁIN** 2M
- (xii) Chun na hoibrithe ar stailc le linn an Fhrithdhúnta a chosaint / Chun meanma na n-oibrithe a choinneáil ard.  
Sainmhíniú **AMHÁIN** 2M
- (xiii) Comhbhá le ceannairí Éirí Amach na Cásca 1916 a cuireadh chun báis/ Sinn Féin ag cur i gcoinne coinscríobh/ Míshásamh le Páirtí Parlaiminteach na hÉireann / Bhí muintir na hÉireann ag iarraidh Poblacht a bhaint amach an uair sin, etc.  
**DHÁ** chúis ar bith 1 + 1 = 2M
- (xiv) Fianna Fáil 2M
- (xv) Ghlac sé leis an gCéad Chlár um Fhorleathnú Eacnamaíoch (nó Tuarascáil Whitaker)/ Comhaontú Saorthrádála idir Éire agus an Bhreatain / Bunú RTÉ/ Comhoibriú Thuaidh/Theas/ Chuir sé iarratas isteach le dul isteach sa CEE/ D'fhógair sé Saoroideachas, etc.  
**DHÁ** chinneadh 1 + 1 = 2M
- (xvi) (Benito) Mussolini 2M
- (xvii) Ionsaithe ar Shionagóga (ag na Naitsithe)/ Scriosadh gnóthais Ghiúdacha/ Maraíodh roinnt Giúdach (ag an SS)  
“*Ionsaíodh Giúdaigh*” = 1M; “*Oíche na Gloine Briste*” = 0M  
Sainmhíniú bailí **AMHÁIN** 2M
- (xviii) Códainm ar shaoradh na Fraince (ó fhorghabháil na Naitsithe) ag na Comhghuailithe / Cath na Normainne. D-Day= 0M  
Sainmhíniú bailí **AMHÁIN** 2M
- (xix) Sir Basil Brooke (Lord Brookeborough)/ Terence O’Neill/ James Chichester Clarke/ Brian Faulkner **BEIRT** Phríomh-Airí 1 + 1 = 2M
- (xx) *Srianadh*: Beartas SAM chun deireadh a chur le leathnú an Chumannachais. (Deireadh a chur le leathnú an Chumannachais = 1M)  
*CBT*: Beartas de chuid an AE a thugann ráthaíocht d’fheirmeoirí praghas seasta a fháil dá dtáirgí. (an Comhbheartas Talmhaíochta = 1M)  
*Díchoilíniú*: Tarraingt siar ag tíortha (Eorpacha) ó iar-choilíneachtaí.  
**Téarma AMHÁIN mínithe** 2M

#### 4. PEARSANA SA STAIR (40 marc)

Freagair **ceann AMHÁIN** as A agus **ceann AMHÁIN** as B.

Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ (Ráiteas Suntasach Ábhartha).  
Gach RSÁ = 2 Mharc. [Féadtar 1 Mharc a bhronnadh as RSÁ neamhiomlán – ach **ag deireadh an chuntais amháin.**]

**Marcanna: Uasmhéid CM = 16** [Treoir Ábhair:  $2M \times 8 = 16$ ] **Uasmhéid OM = 4**

Marcáil OM mar seo:

**AN-MHAITH = 4M; MAITH = 3M; MEASARTHA = 2M; LAG = 1M**

Bronn 4 OM má tá an freagra an-mhaith – ní gá go mbeadh sé thar barr ar fad.  
Bronn 1 OM as an topaic a aithint i gceart.

**Mura dtugtar léargas an duine a roghnaítear, ná bronn níos mó ná 1 OM.**  
Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go gcaithfidh an freagra a bheith scríofa sa chéad phearsa.

#### **Roinn A**

Déanann iarrthóirí A (i) nó A (ii) nó A (iii)

A (i) **Feirmeoir a chónaigh in Éirinn anallód (réamh-Chríostaí).**

Is féidir leis an iarrthóir aon aois ó Éirinn anallód a roghnú - an Aois Neoiliteach / an Chré-Umhaois/ an Iarannaois.  
Má chuimsíonn an freagra ábhar ó aoiseanna éagsúla, marcáil gach ceann ar leithligh agus tabhair creidiúint don cheann is fearr.  
Liosta bianna = 1 RSÁ ar a mhéad.

A (ii) **Manach i mainistir mheánaoiseach.**

Ceann de na mainistreacha in Éirinn na meánaoiseanna a aithint i gceart, e.g.  
Is manach mé i Mainistir Sheireapúin = 1 RSÁ.

#### **AGUS**

Bhí mainistreacha freisin ar an Mainistir Mhór, i Mainistir na Búille agus i bhFearna = 1 RSÁ.

Urnaí phobail = 1 RSÁ ar a mhéad.

Gné den mhainistir, agus í ainmnithe agus mínithe = 1 RSÁ.

Dhá ghné den mhainistir gan aon mhíniú = 1 RSÁ.

**A (iii) Ealaíontóir, a ainmnítear, ón Athbheochan ó LASMUIGH den Iodáil.**

Ní mór ealaíontóir ar leith (e.g. Van Eyck, Dürer, Rembrandt) a ainmniú nó a bheith intuigthe, ach ní bhronntar aon mharcanna as ainm an ealaíontóra. Mura luaitear ainm an ealaíontóra, nó más mícheart atá sé, ach má bhaineann an t-ábhar go soiléir le healaíontóir ar leith, OM = 3 ar a mhéad. Gach saothar ealaíne a ainmnítear agus a ndéantar cur síos air = 1 RSÁ. B'fhéidir go dtuillfeadh faisnéis bhreise tuilleadh RSÁ. Mura dtugtar ach liosta na saothar, 2 shaothar = 1 RSÁ. 'Phéinteáil Dürer/ Rembrandt go leor féinphortráidí' = 1 RSÁ.

**Roinn B**

Déanann iarrthóirí B (i) nó B (ii) nó B (iii)

**B (i) Ceannaire, a ainmnítear, ar thuras farraige le linn Ré na Taiscéalaíochta.**

Ní mór duine ar leith (e.g. da Gama, Columbus, Magellan) a ainmniú nó a bheith intuigthe, ach ní bhronntar aon mharcanna as ainm cheannaire an iomraimh. Mura luaitear ainm an cheannaire, nó más mícheart atá sé, ach má bhaineann an t-ábhar le ceannaire ar leith, OM = 3 ar a mhéad. Tá Cortez inghlactha – suas le dó a long; caitear le hábhar faoi chloí na n-Astacach mar 'iarmhairtí', i.e. 2 RSÁ ar a mhéad. Mura luaitear ainm an cheannaire nó mura bhfuil sé intuigthe go soiléir ón gcuntas [i.e. iomraimh go ginearálta], bronn 1 OM ar a mhéad. Trealamh loingseoireachta = 1 RSÁ ar a mhéad. Iarmhairtí, aon iomraimh níos déanaí san áireamh, = 2 RSÁ ar a mhéad. **NB: 'Ceannaire ar iomramh a ainmnítear'; ní bhaineann an cheist le saol nó le gairm an cheannaire**

**B (ii) Duine a chónaigh in Éirinn, sa Tuaisceart nó sa Deisceart, le linn an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945.**

D'fhéadfaí cur síos sa chuntas ar chúinsí sóisialta/ eacnamaíochta/ polaitiúla ina raibh an duine ag maireachtáil le linn bhlianta an chogaidh. D'fhéadfadh gach ábhar stairiúil ón tréimhse a dhéanamh ábhartha.

**B (iii) Ceannaire, a ainmnítear, ag déanamh cur síos ar ghéarchéim sa Chogadh Fuar:**

Ní mór ceannaire ar leith (e.g. Stalin/Kennedy) a ainmniú nó a bheith intuigthe, ach ní bhronntar aon mharcanna as ainm an cheannaire.

**Mura luaitear ainm an duine, nó más mícheart atá sé, ach má bhaineann an t-ábhar le ceannaire ar leith, OM = 3 ar a mhéad.**

**I ngach cás, iarmhairtí = 2 RSÁ ar a mhéad.**

*Imshuí Bheirlín:* Caith le hábhar go dtí gur roinneadh Beirlín ina ceithre chrios sa bhliain 1945, agus an uair sin san áireamh, mar ábhar ‘cúlra’, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

*Cogadh na Cóiré:* Caith le hábhar go dtí gur roinneadh an Chóiré sa bhliain 1945, agus an uair sin san áireamh, mar ábhar ‘cúlra’, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

*Géarchéim Diúracán Chúba:* Caith le hábhar go hIonradh Bhá na Muc sa bhliain 1961, agus é san áireamh, mar ábhar ‘cúlra’, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

**NÓ**

**Staráí ag cur síos ar na príomhimeachtaí sa ghluaiseacht ar son Aontas na hEorpa, 1945-1992**

Caith le gach ábhar roimh 1945 mar shonraí ‘cúlra’, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.  
Caith le gach ábhar tar éis 1992 mar 2 RSÁ ar a mhéad.

**NÓ**

**Tacadóir le ghluaiseacht neamhspleáchais i dtír Afracach nó Áiseach, a ainmnítear, i ndiaidh 1945**

Caith le gach ábhar go dtí 1945, agus an uair sin san áireamh, mar ábhar ‘cúlra’, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

**NB: Bhí an chuid ba mhó de ghairmréim Gandhi ann roimh 1945, i.e., 1 RSÁ ar a mhéad**

5. **Ón bhFeirm go dtí an Mhonarcha** (30 marc)

A. **Na Foinsí D1 agus D2**

A (i) Fíodóireacht/ Ag obair ar sheol/ Éadach á dhéanamh 2M

A (ii) Faigheann siad pá íseal/Tá siad measartha bocht cheana féin 2M

A (iii) Trádáil le coilíneachtaí/ Soláthar maith amhábar, e.g. Gual agus iarann/ Bhí daoine sa Bhreatain a bhí toilteanach infheistíocht a dhéanamh i dtionsclaíocht / An-éileamh ar tháirgí mar gheall ar fhás sa daonra/ D'fhág an réabhlóid talmhaíochta oibríthe ar fáil do na monarchana, etc.

**(Bhí go leor daoine saibhre sa Bhreatain/ An réabhlóid talmhaíochta =0M)**  
Cúis bhailí **AMHÁIN** ar bith 2M

A (iv) **Key:** Chum sé an tEitspól/ Meaisín a chur feabhas ar phróiseas na fíodóireachta.  
**Watt:** Chum sé an tInneall Gaile (Rothlach)  
**Darby:** Cóc le hamhiarann a bhruithniú/ D'aimsigh sé conas gual a thiontú ina chóc. 2 + 2 =4M

B. **Na Foinsí E agus F**

B (i) “Osclaíonn sé acmhainní gan teorann na hithreach”/ “Thug sé an tuath níos gaire do na bailte móra agus na bailte móra níos gaire don tuath.”/ tarlú guail/ modhanna cumarsáide  
**DHÁ** bhuntáiste 1 + 1 =2M

B (ii) Bhí gairm an-rathúil aige ag obair ar na hiarnróid / Thug cuideachta amháin £50,000 mar chúiteamh dó as ucht a fheabhas a bhainistigh sé a gcuid gnóthaí/ D'éirigh sé an-saibhir mar gheall ar a chuid oibre sna hiarnróid, etc.  
Cúis bhailí **AMHÁIN** 2M

B (iii) **Stephenson:** “An Roicéad”/ Iarnród Stockton agus Darlington/  
Iarnród Learphoill-Manchan/ leithead Stephenson (do leithead an iarnróid) /  
Dhear sé innill ghluaiste ghaile/ Traenacha, etc. **(Iompar =0M)**

**Telford:** Dhear sé droichid (e.g. Droichead Menai)/ canálacha/ uisce rianta/  
Dearadh bóithre feabhsaithe, etc. **(Iompar =0M)**

**Brunel:** Dhear sé Tollán na Tamaise/ Droichead Crochta Clifton / Stáisiún Paddington/ Mór-Iarnród an Iarthair/ Dugaí/ Báid Ghaile e.g. An Mór-Iarthar/  
An Mór-Oirthear / An Bhreatain Mhór, etc. **(Iompar =0M)**

2 + 2 =4M

- C. Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ:  
[Uasmhéid CM = 10M Uasmhéid OM = 2M]  
OM: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag

**Bronn 1 RSÁ ar an uasmhéid ar ábhar chúlra, ie: mar a bhíodh na cúinsí roimh na hathruithe**

**I gcás (a), gach “forbairt” luaite agus mínithe go soiléir = 1 RSÁ.**

**Bronn marcanna as “forbairtí” faoi na ceannteidil seo a leanas AMHÁIN;**

- Imfhálú.
- Uainíocht na mbarr i gCeithre Pháirc
- Aireagáin nua (Glac le **gach** aireagán nua, ainmnithe agus mínithe, mar RSÁ ar leith)
- Deireadh le Coimíneacht
- Pórú Roghnaitheach
- Méadú san oideachas, e.g. Arthur Young/ Bunú Choláiste Tréidliachta

**I gcás (b), gach “iarracht” luaite agus forbartha go soiléir = 1 RSÁ.**

**Bronn marcanna as “iarrachtaí” faoi na ceannteidil seo a leanas AMHÁIN;**

- Achtanna na Monarchan (Glac le **gach** acht, ainmnithe agus mínithe, mar RSÁ ar leith)
- Daonchairde e.g. Robert Owen,
- Forbairtí i gCeardchumann
- Na Cairtigh, i.e. an ceart vótála
- Smaointe nua, e.g. Sóisialachas/Cumannachas
- Bearta sábháilte feabhsaithe sna monarchana agus sna mianaigh (e.g. Lampa Davy/inneall gaile Newcomen / inneall gaile Watt, etc.)

**I gcás (c), gach “athrú” luaite agus forbartha go soiléir = 1 RSÁ.**

**Bronn marcanna as “athruithe” faoi na ceannteidil seo a leanas AMHÁIN;**

- Chuir Tuarascáil Edwin Chadwick ar na Coinníollacha Sláintíochta brú ar an rialtas athruithe a dhéanamh.
- Imirce ón tuath go dtí an baile mór nasctha le bochtanas agus le galar
- Leis an Acht um Shláinte Phoiblí, 1848 – bunaíodh Boird Sláinte a bhí freagrach as glanadh sráideanna, soláthar uirbeach uisce, rialacháin foirgníochta, etc.
- Feabhsúcháin sna hospidéal, e.g. béim Florence Nightingale ar ghlaineacht agus ar atrua.
- Forbairtí i vacsaíní, e.g. Jenner agus bolgach/Pasteur agus confadh.
- Aimsiú Theoiric na bhFrídíní e.g. Louis Pasteur agus paistéaradh/ Robert Koch agus calar agus eitinn.
- Feabhsúcháin sa mháinliacht, e.g. James Simpson agus clóraform/ Joseph Lister agus sprae antaiseipteach. (Glac le **gach** feabhsúchán, ainmnithe agus mínithe, mar RSÁ ar leith)

**6A AN REIFIRMÉISEAN (30 marc)**

(i) Neamhláithreachas/ Iolrachas/ Finíochas/ Síomóntacht/ Díol loghanna/ Easpa smachta nó aineolas i measc na cléire, etc. [**“Loghanna” = 0M**]  
**DHÁ** chúis bhailí ar bith.  $1 + 1 = 2M$

(ii) *Na 95 Téis*: Argóintí a cháin díol na loghanna /a chuir dúshlán faoi theagasc na hEaglaise Caitlicí ar nádúr na haithrí, etc.

*Bulla an Phápa*: Litir ón bPápa.

*Forógra Worms*: Fógairt go raibh Luther ina eisreachtaí.

**DHÁ** shainmhíniú ar bith  $2 + 2 = 4M$

(iii) Martin Luther:

Fírénú trí chreideamh amháin – Creideamh agus dea-ghníomhartha ag teastáil/ Is é an Bíobla foinse gach teagaisc – An Bíobla agus teagasc na hEaglaise /2 Shacraimint – 7 Sacraimint/ Seirbhísí sa teanga dhúchais – An tAifreann i Laidin/ Teoiricí difriúla maidir le loghanna, etc.

John Calvin:

Tá sé réamhordaithe go rachaidh daoine áirithe chun na bhflaitheas nó go hifreann – Is iad creideamh agus dea-ghníomhartha na modhanna slánaithe / Is é an Bíobla foinse gach teagaisc – An Bíobla agus teagasc na hEaglaise / 1/2 Shacraimint – 7 sacraimint /Níl Críost i láthair san Eocairist – Déantar corp agus fuil Chríost den arán agus den fhíon, etc.

Níl iarrthóirí teoranta do na leasaitheoirí thuasluaite; tá freagraí ar chreidimh leasaitheoirí eile inghlactha, e.g. Ulrich Zwingli, Henry VIII.

**DHÁ** dhifear ar bith idir creidimh AON duine de na leasaitheoirí agus creidimh na hEaglaise Caitlicí  $(1 + 1) \times 2 = 4M$

(iv) Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ: [**Uasmhéid CM = 8M**

**Uasmhéid OM = 2M**]

**OM**: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag

*Ní mór béim a leagan ar “tionchar”*

Glac le hábhar chúlra mar 1 RSÁ ar an uasmhéid.

I gcás (b), bronn an méid atá toillte ar ábhar a bhaineann leis an dúil a bhí ag Henry VIII i gcolscaradh a fháil ó Chaitríona Aragon agus a dheighilt ón Róimh a tháinig ina dhiaidh.

**DHÁ** chuntas le scríobh  $(8 + 2) \times 2 = 20M$

**6 B ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS (30 marc)**

- (i) Dialann/ Comhfhreagras/ Dírbheathaisnéis / Nuachtáin/ Tuairisceáin daonáirimh / Agallamh/ Grianghraif/ Dialann, etc.  
**DHÁ** chineál ar bith 1 + 1 = 2M
- (ii) Baineadh úsáid as maoiniú breise ón AE chun bonneagar a fhorbairt (bóithre, etc.)/ saorghluaiseacht daoine ar fud na hEorpa / Saorghluaiseacht earraí / Breis eolais ar chúrsaí cultúir / Níos mó turasóirí ón AE, etc.  
**DHÁ** bhuntáiste ar bith 2 + 2 = 4M
- (iii) Athrú ó shiamsaíocht sa bhaile go dtí an phictiúrlann, dioscónna, etc/ DVDanna, Netflix agus sruthú scannán éirithe níos coitianta / Athruithe ar stíleanna traidisiúnta ceoil / bealaí nua le teacht ar cheol agus le héisteacht leis/ Fás sna meáin shóisialta mar fhoinse siamsaíochta, etc. **Liosta athruithe amháin = 1 RSÁ**  
**DHÁ** athrú bhailí ar bith 2 + 2 = 4M
- (iii) Marcáil an freagra de réir phrionsabal na RSÁ: [Uasmhéid CM = 8M  
Uasmhéid OM = 2M]  
**OM:** 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag  
NB: ‘Ó 1945’.  
**NB Níor cheart marcanna a bhronnadh ach as athruithe bailí a luaitear go soiléir.**  
**DHÁ** chuntas le scríobh (8 + 2) × 2 = 20M

**6 C FORBAIRTÍ POLAITÍOCHTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS (30 marc)**

- (i) Ba mhian leo fanacht mar chuid den Ríocht Aontaithe / Measadh go raibh Rialtas Dúchais ina bhgairt don riail Phrotastúnach/ An creideamh gurbh ionann iad “Rialtas Dúchais agus Rialtas ón Róimh”/ Bheadh Rialtas Dúchais ina chéad chéim i dtreo na Poblachta/ D’fhéadfadh tionsclaíocht in Éirinn a margadh sa Bhreatain a chailleadh, etc.  
**DHÁ** chúis ar bith 1 + 1 = 2M
- (ii) **Scéim na Sionainne:** cumhachtstáisiún (hidrea)leictreachais (a tógadh ag Ard na Croise); “cumhachtstáisiún” = 1M  
**Acht Timpeal Toghchán (Leasú), 1927:** Luadh ann nach mbeadh cead ag duine ar bith a dhiúltaigh an mionn a ghlacadh, seasamh fiú le go dtoghfaí don Dáil é.  
**Reacht Westminster:** Bhí Éire saor imeacht ón gComhlathas/ D’fhéadfadh Éire aon dlí a rinneadh don tír in Westminster a athrú nó a aisghairm / D’úsáid de Valera é chun údar maith a thabhairt leis an gConradh a bhaint as a chéile  
**DHÁ** théarma ar bith mínithe 2 + 2 = 4M
- (iii) Baineadh as an Mionn Dílseachta /Cuireadh deireadh le híocaíocht na mblianachtaí talún leis an mBreatain/ Íosghrádaíodh oifig Sheanascal



Shaorstát Éireann agus scoireadh í sa deireadh / Baineadh gach tagairt don Rí as an mbunreacht / Díscaoileadh an Seanad / Cuireadh deireadh leis an gceart achomhairc don Ríochomhairle, etc.

**DHÁ** bhealach

$2 + 2 = 4M$

(iv) Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ: **[Uasmhéid CM = 8M**

**Uasmhéid OM = 2M]**

**OM:** 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag

(a) Tá pleanáil an Éirí Amach ina dlúthchuid den topaic, agus ní cóir caitheamh léi mar ábhar cúlra.

(b) Tá bunú an Chomhrialtais ina dhlúthchuid den topaic, agus ní cóir caitheamh leis mar ábhar cúlra.

(c) Tá an fáth ar tháinig ann don Ghluaiseacht Cearta Sibhialta agus iarmhairtí a gníomhartha ina ndlúthchuid den topaic seo.

**DHÁ** chuntas le scríobh

$(8 + 2) \times 2 = 20M$

## **6 D AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS (30 marc)**

(i) Clásal na “ciontacht cogaidh”/ B’éigean dóibh cúiteamh a íoc/ Cailteanas chríoch na Gearmáine/ Teorainneacha ar fhórsaí armtha na Gearmáine (100,000 saighdiúir, gan aerfhórsa, gan fhomhuireáin, 24 long chogaidh)/ Dímhíleatú i nDúiche na Réine/ Cosc ar Anschluss leis an Ostair, etc.

**DHÁ** théarma bhailí ar bith.

$1 + 1 = 2M$

(ii) *An tAcht Údaraithe:* Tugadh cead do Hitler rialú trí fhorógra / Rialú gan Pharlaimint / Tugadh cead do Hitler rialú mar dheachtóir.

*Oíche na Sceana Fada:* Marú baill shinsearacha de cheannaireacht an SA ag Hitler / Scrios an SA/ Marú na céadta a chuir in aghaidh Hitler.

*An Comhaontú Cruach:* Comhaontú míleata le Mussolini. “Comhaontú le Mussolini” = 1M

**DHÁ** shainmhíniú bhailí ar bith.

$2+2 = 4M$

(iii) Bhí an Bhreatain, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Sóivéadach róchumhachtach le chéile / Earráid ollmhór ba ea ionradh na Gearmáine ar an Aontas Sóivéadach / Ghlac na Comhghuaillithe smacht san aer, etc.

**DHÁ** chúis bhailí ar bith.

$2+2 = 4M$

(iv) Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ: **[Uasmhéid CM = 10M**

**Uasmhéid OM = 2M]**

**OM:** 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag

(a) Caith le forbairtí sa Dara Cogadh Domhanda go dtí go ndeachaigh feadhna na Gearmáine isteach sa Fhrainc mar ábhar “cúlra”, 1 RSÁ ar a mhéad.

(b) Caith le himeachtaí go dtí Dunkirk, agus an uair sin san áireamh, mar ábhar “cúlra” = 1RSÁ ar a mhéad.

**Caith le gach ábhar ar an Blitz, e.g. buamáil cathracha sa oíche, aslonnú, ciondáil, etc. mar 1 RSÁ ar a mhéad.**

(c) Caith le imeachtaí go dtí ionsaí na Seapáine ar Pearl Harbour mar ábhar “cúlra” = 1 RSÁ ar a mhéad.

**DHÁ chuntas le scríobh**

$(8 + 2) \times 2 = 20M$